Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/5743

23.10.2025

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.12129 — BPIFRANCE / GROUPE ADIT)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2025/5743)

1. An 14 Deireadh Fómhair 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]) agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Bpifrance Participations S.A. ('Bpifrance Participations', an Fhrainc), atá faoi rialú Bpifrance S.A.

— Groupe ADIT S.A.S. ('Groupe ADIT', an Fhrainc), atá faoi chomhrialú Bpifrance Participations agus Sagard S.A.S..

Gheobhaidh Bpifrance Participations rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Groupe ADIT ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Bpifrance Participations: tacaíonn sé le maoiniú cothromais cuideachtaí, go háirithe in earnáil na teicneolaíochta agus earnáil na tionsclaíocha, agus cuidíonn sé freisin le caipiteal riosca a chur chun cinn i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide,

— Groupe ADIT: tá sé gníomhach sna hearnálacha comhairle straitéisí, cúnaimh agus tacaíochta oibríochtúla sa Fhrainc agus go hidirnáisiúnta.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, agus gan dochar dá chinneadh críochnaitheach maidir leis sin, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an tionscadal atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12129 — BPIFRANCE / GROUPE ADIT

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË